An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Naíscoil na Móna
# Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2008

**TUAIRISC AR AN CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL NA MÓNA, BÉAL FEIRSTE BT11 8EJ (1AB-0015)**

Sa chigireacht i Mí na Bealtaine 2006 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí in éiteas na Naíscoile agus i gcaighdeán na hidirghníomhaíochta idir an fhoireann agus na páistí, agus ar an ghá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- forbairt a dhéanamh ar na modhanna pleanála agus meastóireachta le go ndéanfar freastal ar riachtanais aonair na bpáistí.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na nithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na Naíscoile:**

- ceapadh ceannaire nua agus chuaigh sí i mbun dualgas i Meán Fómhair 2006;
- ceapadh saineolaí nua oideachais luath-óige;
- tá an fhoireann i ndiaidh freastal ar cúrsaí cuí oiliúna a chuir réimse gníomhaireachtaí ar fáil;
- ceannaíodh roinnt acmhainní breise don súgradh amuigh faoin spéir;
- ullmhaíodh leabhrán fáiltithe agus ceistneoirí do na tuismitheoirí;
- tá an fhoireann i ndiaidh córas nua a thabhairt isteach le heolas a thaifeadadh ar dhul chun cinn na bpáistí agus tá siad ag forbairt córas nua sainoibrithe mar chuid de;
- rinneadh athbhreithniú agus nuachóiriú ar pholasaithe agus ar mhodhanna oibre;
- tá an fhoireann i ndiaidh naisc níos dlúithe a chruthú idir iad féin agus na tuismitheoirí agus an Ghaelscoil a mbeidh bunús na bpáistí ag aistriú chuici; agus
- cuireadh fálú agus geata nua suas.

Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 19 Bealtaine 2008 agus cuirtear sa chuntas inti fosta an chuairt i Mí Feabhra 2008.

Níl plean forbartha ag an Naíscoil. Tá pleananna gníomhaíochta ann le treoir a thabhairt sa saintréimhse a bhfuiltear ag díriú air.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm:**

- le go gcuirfear leis an chumarsáid idir iad féin agus na tuismitheoirí, tá an fhoireann i ndiaidh leabhrán úsáideach fáiltithe a ullmhú, ceistneoirí a úsáid le tuairimí na dtuismitheoirí a lorg agus cruinniú breise a thionól leo chun dul chun cinn na bpáistí a phlé;
- tugadh isteach scéim Theidí Eachtra agus leabharlann iasachtaí le tuismitheoiri a spreagadh le bheith níos rannpháirtí in oideachas agus i bhforbairt a gcuid páistí;

- feabhsaíodh an soláthar don súgradh amuigh faoin spéir; bíonn teacht ag na páistí ar rogha níos fearr de ghníomhaíochtaí, d'acmhainní agus de dheiseanna foghlama i ngach réimse den churaclam réamhscoile, dá bharr sin bíonn caighdeán an tsúgartha tháirgiúil a bhfuil cuspóir leis níos airde amuigh faoin spéir;

- úsáideann an fhoireann modhanna meastóireachta ar bhonn níos córasaí le dul chun cinn na bpáistí a thaifeadadh agus tá siad ag aimsiú roinnt sainréimsí tacaíochta ina mbeidh siad in ann freastal a dhéanamh ar riachtanais aonair na bpáistí;

- léiríonn an ceannaire an-díograis agus an-scil ina cuid oibre, is eiseamláir mhaith í le leanúint agus í ag obair leis na páistí agus léiríonn sí go bhfuil léargas glinn aici ar an dóigh ar chóir an t-oideachas a fheabhsú go leanúnach sa Naíscoil; agus

- tá an ceannaire ag cruthú naisc úsáideacha leis an Fhóram Cúraim Páistí agus le scéim SureStart Bhóthar Chluanaí Uachtarach le go mbeidh forléargas níos leanúnaí ann den soláthar oideachais luath-óige sa cheantar.

**Is é an réimse seo a leanas an réimse ar gá tuilleadh feabhais a chur air:**

- ba chóir don fhoireann leanúint de bheith ag cur leis an cheangal atá idir an mheastóireacht a dhéantar ar na páistí agus an phleanáil le haghaidh riachtanais na bpáistí aonair le go n-aimseofar gníomhaíochtaí níos sainiúla sa phleanáil gach seachtain nuair is cuí.

Ó bhí an chigireacht ann tá luacháil déanta ag an Naíscoil ar an dul chun cinn atá déanta i roinnt réimsí a aimsíodh mar réimsí a bhí le feabhsú. I rith na tréimhse i ndiaidh na cigireachta a lean uaithi sin chuathas i mbun cuid mhór féinmheastóireachta, rud a bhí ina chuidiú agus feabhsúcháin á ndéanamh agus an Naíscoil ag aimsiú na dtosaíochtaí go cuí le haghaidh forbartha sa todhchaí. Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil feabhsúcháin déanta sna réimsí sin ar díríodh orthu.

Tá cuid mhór dul chun cinn déanta i mbunús na réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh sa chéad chigireacht ach tá roinnt mionréimsí a bhfuil feabhsú de dhíth go fóill orthu. Tá an Naíscoil ag forbairt próiseas éifeachtach féinmheastóireachta a mbeidh feabhsúcháin ann dá bharr.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid sna mionréimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk